

AN MHÓIN.

Nuair a bheadh na fataí curtha ag an bhfear ghabhfadh sé agus bhainfeadh sé an mhóin. Nuair a bheadh sí bainnte d'imteocha an bhean agus gróigfeadh sí í, d'imtheócha sí an dara uair a dhéanfeadh sí a ath-gróigeadh. Nuair a bhí sí tirim annsin aice d'imtheochadh sí agus chruinneochadh sí ar chrocán í. Thiocfadh an fear annsin agus chuireadh sé gníomh uirthé. Nuair a bhíodh an mhóin cruachta d'imtheochadh an fear agus bhainfeadh sé a chuid féir. Bhíodh beagán sgith an t-am sin ag an mbean. Más gliomadóir a bhí ina fear chaithfeadh an bhean í féin an féar a shábhail mar níl lá ar bith le spáráil ag an ngliomadóir, Domhnach ná lá saoire.